

<b>Post</b>	<b>Feidhmeannach Saoráidí (AOF)</b>
<b>Conradh</b>	<b>Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte</b>
<b>Grúpa Seirbhíse</b>	<b>Seirbhísí Corparáide</b>
<b>Láthair</b>	<b>Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.</b>

#### Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

##### **Seirbhísí Corparáide**

Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán a bhaineann le cúrsaí Airgeadais, TFC, Soláthar, Seirbhísí Flít, Seirbhísí Infheistíochta agus gréasán Ice Plant ar fáil laistigh de BIM.

#### Achoimre ar an Ról:

Tá an Feidhmeannach Saoráidí freagrach as gach gné de shaoráidí a bhainistiú laistigh de Cheannoifig BIM, an dá Choláiste Náisiúnta Iascaigh atá againn agus oifigí réigiúin eile BIM ar fud na hÉireann. Beidh freagracht ar an bhFeidhmeannach Saoráidí as a chinntiú go mbeidh cóiríocht BIM sábháilte, nach mbeidh fadhbanna ar bith ag baint léi, go ndéanfar bainistiú uirthi go hinbhuanaithe agus go mbeidh foireann BIM ag obair faoi na coinníollacha is fearr agus is féidir.

#### Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun a chinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.

Beidh an Feidhmeannach Saoráidí ag obair laistigh d'Aonad na Seirbhísí Corparáide.

#### Príomhthascanna:

- Maoirseacht agus barrfheabhsú a dhéanamh ar spás oifige agus ar áiseanna laistigh de cheannoifig BIM, den dá Choláiste Náisiúnta Iascaigh atá againn agus d'oifigí réigiúin eile ar fud na hÉireann, fardal beo agus pleanáil don todhchaí a choinneáil de réir cheanglais oibríochta agus phlean straitéiseach na heagraíochta.
- Bainistiú a dhéanamh ar sholáthar agus ar fheidhmíocht seirbhísí lena n-áirítear glanadh, teileachumarsáid, cothabháil, fuinneamh, socruithe slándála lena n-áirítear clúdach slándála lasmuigh de ghnáthuaireanta agus córais aláirim don Cheannoifig agus d'oifigí réigiúin. Tacaíochta saoráidí a chur ar fáil don dá choláiste de réir mar is gá.
- Freagrach as Sláinte agus Sábháilteacht; an fhoireann S&S a stiúradh agus ceannaireacht a thabhairt i ndáil le polasaithe agus nósanna imeachta S&S a fhorbairt.
- Cigireachtaí rialta foirgneamh a dhéanamh ar an gCeannoifig agus ar oifigí réigiúin eile ar fud na tíre agus cinntí a dhéanamh maidir leis an ngá atá le deisiúcháin nó le hathchóirithe. Suiteálacha agus athfheistithe a phleanáil agus a chomhordú i ngach ceann de shaoráidí BIM lena n-áirítear an Cheannoifig, na hoifigí réigiúin agus an dá choláiste lena chinntiú go ndéanfar bainistiú tionscadal cúí agus go mbeifear ag cloí le ceanglais sláinte agus sábháilteachta.
- Dul i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí de réir mar is cúí.
- Buiséad ar fiú suas le €1m in aghaidh na bliana é a bhainistiú.
- Bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh chun costais agus ídiú a laghdú gach bliain.

- Foireann glas BIM a stiúradh agus ceannaireacht a thabhairt i dtaobh chur i bhfeidhm Phlean Gnímh BIM ar son na hAeráide a bhfuil sé mar aidhm leis lorg carbóin BIM a laghdú agus inbhuanaitheacht a fheabhsú trí fheabhas a chur ar nósanna imeachta na heagraíochta i leith fuinnimh, trí úsáid fuinnimh a bhainistiú, tríd an gclár bainistithe dramhaíola, trína chinntiú go ndéanfar an dramhaíl ar fad a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus trí cheanglais inbhuanaitheachta a fhí isteach i soláthar saoráidí.
- Tuairiscí cuí a chur ar fáil do SLT agus don Bhord.
- An fáiltiú sa Cheannoifig a bhainistiú.
- Flít feithiclí BIM a bhainistiú, lena n-áirítear cothabháil, cáin, logleabhar agus athnuachan flít.
- Cothabháil trealamh oifige nach trealamh TF é, stáiseanáireacht agus trealamh ceaintín a bhainistiú, agus cinnte a dhéanamh go bhfuil earraí sa stoc agus go bhfuil siad ag teacht le caighdeán sláinte agus sábháilteachta.
- Dul i gcomhairle le baill foirne agus le tionóntaí maidir le cúrsaí rochtana, páirceáil carr agus aon saincheist eile a bhaineann le saoráidí a d'fhéadfadh teacht aníos.
- Ceannaireacht a thabhairt ar thionscadal cóiríochta oifige nua don Cheannoifig, ag tuairisciú chuig an bhfoghrúpa den fhoireann shinsearach ceannaireachta.
- Spás oifige a leithdháileadh de réir riachtanais na heagraíochta.
- Maoirseacht riaracháin agus tacaíocht a chur ar fáil do ghréasán Ice Plant BIM de réir mar a theastaíonn.

#### **Eile:**

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh.

#### **Struchtúr Tuairiscithe:**

Stiúrthóirí Seirbhísí Corparáide

#### **Teagmhálaithe:**

##### **Laistigh de BIM**

An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide, An Ceann Airgeadais, baill foirne BIM

##### **Lasmuigh de BIM**

Soláthróirí agus Soláthraithe Seirbhísí.

##### **Oiliúint**

Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.

Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

## Cáilíochtaí Oideachais, Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

### Riachtanach:

- Cáilíocht ábhartha 3ú leibhéal i mbainistiú saoráidí nó san innealtóireacht.
- Taithí ar oibríochtaí teicniúla/innealtóireachta agus ar dhea-chleachtais i ndáil le bainistiú saoráidí.
- Taithí ar bhuiséid a riar agus ar bhunphrionsabail airgeadais.
- Taithí ar bhainistiú sláinte agus sábháilteachta.

### Inmhianaithe:

- Taithí ar shaoráidí a bhainistiú in eagraíocht
- Taithí san earnáil phoiblí.
- Cáilíocht sláinte agus sábháilteachta.
- Tuiscint ar an bpróiseas soláthair.
- Tuiscint ar chleachtais inbhuanaitheachta.

### Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna eagrúcháin agus ceannaireachta den scoth.
- Pointeáilteacht agus súil ghéar ar mhionsonraí.
- Scileanna bainistithe tionscadal den chéad scoth, agus an cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.
- An cumas chun bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon.
- Cumas dul in oiriúint do thimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, agus an cumas idirghníomhú go héifeachtach le soláthróirí agus conraitheoirí.
- Luach ar fheabhas leanúnach i dtimpeallacht chomhoibríoch.
- Sárchumas ó thaobh buiséid a leagan amach agus a bhainistiú agus tairiscintí a anailísiú.

### Tuarastal:

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí do AOF, le réimse tuarastail €52,897 - €66,619 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad pointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Fad an Chonartha:

Cuirfear conradh fostaíochta Tréimhse Éiginnte ar fáil le cead ó BIM faoi réir léiriú sásúil ar an leibhéal atá ag teastáil agus an tréimhse phromhaidh atá ag teastáil a chur i gcrích. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí.

### An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie) nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Is é 5 p.m. an 20 Márta 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie).

**Úsáid Sonraí** - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

**Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.**

***Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara***